

BUNUS NA bhFORAINMEACHA SNA TEANGACHA GAEACHA

le Uaitear Stock

De reir na dteangeolai, bhi an-chosúlacht ag deilbhiocht na n-ainmfhocal le deilbhiocht na bhforainmeacha sa bhunteangain Indo-Eorpach. Nilim ag ra go mbíonn na hinfilleacha mar an gceanna i gconai; uaireanta bionn agus uaireanta eile, tá difriocht eatarhu. Mar shampla, sa Ghearmainis: "Ich sehe den Boten, ich sehe ihn" Chim an teachtaire, chim e, (An cuspoireach), ach "ich danke dem Boten; ich danke ihm" Tugaim mo bhuiochas don teachtaire, tugaim mo bhuiochas do. Agus má deirimid "fear" in áit "teachtaire", nil aon chosúlacht eatarhu in aon chor: "ich sehe den Mann; ich sehe ihn". Ach ce nach bhfuil cosúlacht san infilleadh fein, is gnách go mbíonn uimhir agus usaid na dtuiseal mar an gceanna, na, mura mbíonn, go mbíonn deilbhiocht an phorainm níos aimhreiti. Sa bhunteangain, mar a scriobh me san alt deireanach, bhi ocht dtuiseal ag ceachtar acu. Is mar sin ata an sceál i gcuid de na teangacha atá beo fe láthair, ach amháin nach bhfuil aon teanga ann leis an sisteam iomlan go direach mar a bhi sé san Indo-Eorpais. Nil sin le ra gur chaill siad go leir cuid de na tuisil; uaireanta tá breis agus ocht dtuiseal acu; tá naoi dtuiseal ag Ossetis, mar shampla, (teanga a labhairt sna sléibhte Cácaiseacha), ach sistéam nua ar fad atá sna teangacha úd. Mar shamplá, o theangain ina bhfuil an sisteam cuiosach cosuil leis an Indo-Eorpais, seo dhíbh deilbhiocht ainmfhocail agus forainm sa tSeirbis: "On je čovek" Is fear é. (An tainmneach), "Vidim čoveka; vidim ga" Chim an fear; chim e. (An cuspoireach), "Ova knjiga je za čoveka; za njega" Is don fhear (do) an leabhar seo. (An ginideach), "Dao sam ga čoveku; dao sam mu ga" Thug mé don fhear e; thug mé dhó e. (An tabharthach), "Otisao sam sa čovekom; sa njim" D'imirigh me leis an bhfeair; leis. (An ionstraimeach), "Govorim o čoveku; o njemu" Labhraim mar gheall ar an bhfeair; mar gheall air. (An réamhfhoclaach.)

Ach pé scéal é, is gnách sna teangacha Indo-Eorpacha go mbíonn deilbhiocht an phorainm idir cosuil le deilbhiocht an ainmfhocail na níos simplí. Taobh amuigh de na teangacha Ceilteacha, nil eolas agam ach ar aon eisceacht amháin, agus saghas leath-eisceacht í sin: sa Pheirsí. Sa teangain úd, cuirtear "-rá" i ndiadh gach phorainm sa tuiseal cuspoireach, mar shampla: "U mard ast" Is fear é. "U-rá didam". Chim e. Ach ní cuirtear an t-infillleadh seo (má's fior infilleadh in aon chor é) ach i ndiaidh ainmfhocail deimhni, mar shampla: "Mard didam" Chim fear eigin. "Mard-rá didam" Chim an fear.

Ach nuair a feachaimid ar na teangacha Gaelacha, tá sceál eile ar fad againn. Ta fior-dhiochlaonadh na n-ainmfhocal ann, gan amhras, le ceithre thuiseal (cuig sa tSean-Ghaeilge), ach nil lorg ar bith le fail ó fhior-dhiochlaonadh na bhforainm. Níor choir dhuinn, fior-dhiochlaonadh, a thabhairt ar an difriocht idir "sé" agus "é", mar nil sa chas úd ach foirm chónascach (sé) go difreach i ndiaidh an bhriathair mar suibhiocht, agus foirm dheighilteach i ngach áit eile.

Achanois, is docha go bhfuil an léitheoir ag cur ceiste air fein, cé n fáth go bhfuil an neamhchosúlacht seo le fail sna teangacha Ceilteacha amháin? Is é an céad smaoineamh a thiocfadh le duine ná go bhfuil foshraith éigin ag obair annseo. Is furasta, de réir roinnt de na teangeolai, a mhilleán a churar